

Nósanna Imeachta chun Nochtú Cosanta a dhéanamh don Údarás Ardoideachais (HEA) faoi Ionstraim Reachtúil S.I. 339/2014

1 RÁITEAS UM NÓSANNA IMEACHTA

Réamhrá

1. Tá an tÚdarás Ardoideachais (“**an HEA**”) tiomanta chun na caighdeáin is airde ionracais, slánchúise, follasachta agus cuntasachta a choinneáil. Bainfear amach na caighdeáin sin trí, i measc meicníochtaí eile, cur i bhfeidhm do nósanna imeachta stuama deartha chun nochtadh a spreagadh is a éascú ar éagóir agus cosaint na n-oibríthe a dhéanann nochtuithe cosanta.
2. Ullmhaíodh na nósanna imeachta nuashonraithe sin d’oibríthe in Institiúidí Ardoideachais ar mian leo nochtú a dhéanamh don HEA i gcomhréir le nósanna imeachta leagtha amach in Acht um Nochtuithe Cosanta, 2014 agus de réir sonraithe in Ionstraim Reachtúil 339/2014¹.
3. Nuair a dhéantar nochtú cosanta, tagraíonn sin do chúinse ina ndéanann oibrí faisnéis a nochtú maidir le éagóir. Tagraítear dó sin uaireanta mar “sceithireacht”. Soláthraíonn Acht um Nochtuithe Cosanta, 2014 (“**An tAcht 2014**”) ar chreat stuama reachtúil lena féidir le oibríthe buairtí a ardú maidir le éagóir féideartha a thug siad faoi deara sa láthair oibre, agus a fhios acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha don fhostaíocht agus eile má bhíonn droch-thorthaí ann dóibh ag a bhfostaí nó ag eascrú ón nochtú sin.
4. Ordaíonn Ionstraim Reachtúil 339/2014 - An tAcht um Nochtuithe Cosanta, 2014 (Cuid 7(2)) Ordú 2014 (“**S.I. 339/2014**”) daoine áirithe chun cuspóra nochtuithe cosanta a fháil in éineacht le cur síos ar ábhair a bhfuil na daoine sin ordaithe maidir leis.

Is “duine ordaithe” é Príomhfheidhmeannach HEA faoi chuid 7 Achta 2014 S.I. 339/2014.

Tá forálacha ábhartha in S.I. 339/2014 de réir is a bhaineann siad le Príomhfheidhmeannach HEA ná go n-ordaítear don CEO nochtuithe a fháil ar éagóracha ábhartha atá laistigh cur síos na n-ábhar a leanas:

- a) Gach ábhar a bhaineann le pleanáil agus forbairt ardoideachais agus taighde sa Stát.

¹ Tá nósanna imeachta ar leithligh i bhfeidhm chun déileáil le nochtuithe inmheánacha ag oibríthe an HEA. Tugan na nósanna imeachta sin breac-chuntas ar bhealaí inmheánacha agus seachtracha ina féidir le oibrí nochtú cosanta a dhéanamh.

(B) gach ábhair a bhaineann le maoiniú d'ollscoileanna agus institiúidí áirithe ardoideachais ainmnithe faoi Acht Údaráis Ardoideachais 1971 (Uimh 22 ó 1971).

5. Chun nochtú cosanta a dhéanamh do dhuine ordaithe, ní mór d'oibrí nochtú a dhéanamh ar "fhaisnéis ábhartha" agus ní mór dó a chreidiúint go réasúnta go bhfuil an fhaisnéis noхта, agus aon líomhain ann, fíor go substainteach. Ní mór don oibreoir a chreidiúint go réasúnta freisin go bhfuil an éagóir ábhartha laistigh chur síos na n-ábhar a bhfuil an duine ordaithe maidir leo. Le haghaidh a thuilleadh sonraí ar cad is nochtadh cosanta ann, féach cuid [3] thíos.
6. Is cuspóir leis an gcáipéis seo Nósanna Imeachta HEA a leagadh amach ar nochtuithe cosanta d'oibrithe ar mian leo nochtú a dhéanamh do Phríomhfheidhmeannach HEA ina acmhainn mar dhuine ordaithe. (I gcomhair áisiúlachta sa cháipéis seo áireofar le "HEA" nuair is cuí an Príomhfheidhmeannach ina acmhainn mar dhuine ordaithe don Údarás Ardoideachais).

Prionsabail agus aidhmeanna

7. Is aidhm leis na Nósanna Imeachta sin a éascú do gach oibrithe nochtuithe a dhéanamh maidir le éagóracha féideartha a bhíonn laistigh chur síos na n-ábhar a bhfuil an HEA ordaithe maidir leo faoi réir S.I. 339/2014, ionas gur féidir leis na buairtí sin a bheith imscrúdaithe i ndiaidh prionsabail cóir nádúrtha agus go ndéileáiltear leo ar bhealach cuí do chúinsí an cháis.
8. Leagann na Nósanna Imeachta sin amach conas ar chóir nochtuithe cosanta a dhéanamh don HEA agus na cosaintí ar fáil d'oibrithe ar mian leo nochtú cosanta a dhéanamh don HEA. Tá siad ainmnithe le cinntiú go bhfuil gach nochtú ar éagóracha laistigh chur síos na n-ábhar a bhfuil an HEA ordaithe maidir leo faoi réir S.I. 339/2014, agus ó thaobh gnáthaimh de, beidh siad faoi réir measúnaithe cuí agus, nuair is cóir, tagartha i gcomhair imscrúdaithe, agus gníomhartha cuí ina dhiaidh sin bunaithe ar thorthaí imscrúdaithe, agus go mbeidh oibrithe cosanta an t-am go léir.
9. Tá go leor sochair ann a bhaineann leis na nósanna imeachta cuí a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear braiteoireacht agus leasúchán a chinntiú don éagóir féideartha; a chruthú do gheallshealbhóirí, rialaitheoirí agus do na cúirteanna go bhfuil an comhlacht poiblí cuntasach agus faoi bhainistíocht go héifeachtach; ag tógáil cultúir freagrach eiticiúil; agus ag teorannú riosca damáiste clú agus airgeadais.
10. Tá an HEA tiomanta chun a leanas:
 - (a) Nochtadh a éascú d'éagóracha ábhartha i gcomhréir le forálacha Achta 2014 agus S.I. 339/2014.
 - (b) Spreagadh d'oibrithe a bheith muiníneach agus sábháilte maidir le buairtí a ardú ar éagóracha ábhartha faoi 339/2014 chomh luath agus is féidir.

- (c) Treoraíocht a thabhairt d'oibrithe ar conas nochtuithe cosanta a dhéanamh.
- (d) Bealaí a thabhairt d'oibrithe chun nochtuithe a dhéanamh maidir le éagóracha ábhartha faoi S.I. 339/2014.
- (e) Cuidiú, tacú agus cosaint d'oibrithe a dhéanann nochtuithe cosanta.
- (f) Féiniúlacht oibrithe a chosaint ar bhealach atá i gcomhréir le riachtanais Achta 2014 agus gníomh a ghlacadh nuair a sháraítear na riachtanais sin.
- (g) Cuidiú le aon nochtú déanta, é a thagairt d'imscrúdú, nuair is cuí, agus déileáil le gach torthaí a bhfuil aird ag teastáil uathu.
- (h) Oibrithe a chur ar a suaimhneas go mbeidh siad cosanta ó dhochar, pionóis nó aon bhagairt nó pionós mar thoradh le nochtú a dhéanamh i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta sin.

2 CÉ A BHAINNEANN NA NÓSANNA IMEACHTA SIN LEO?

- 1 Baineann na Nósanna Imeachta sin le gach "oibrithe" de réir sonraithe in Acht 2014. Is féidir leis an liosta "oibrithe" a leanas nochtuithe a dhéanamh faoi réir na Nósanna Imeachta seo:
 - Fostaithe
 - Fostaithe a bhí ann
 - Fostaithe sealadacha
 - Conraitheoirí
 - Comhairleoirí
 - Foireann na Gníomhaireachta
 - Intéirní
 - Faoi oiliúint²
- 2 Ní áirítear oibrithe deonacha i sainmhíniú "oibrithe" agus ní thugtar aon chosaintí dóibh faoi réir Achta 2014. D'ainneoin sin, tá an HEA tiomanta le cinntiú gur féidir le aon duine atá gníomhach ag eagraíocht ar bhonn deonach agus is mian leo nochtú a dhéanamh, é a dhéanamh faoi fhorálacha na Nósanna Imeachta sin.

Tabharfar cosaintí cuí d'aon oibrí deonach a dhéanann nochtú i gcomhréir leis na coinníollacha leagtha amach sna Nósanna Imeachta sin ag an HEA agus go mbeidh measúnú cuí déanta ar a gcuid nochtuithe agus más gá, go mbeidh siad tagartha don imscrúdú. Is mar a leanas na cosaintí cuí sin:

² Bíonn aon duine aonair a dtugann ionad oideachais taithí oibre dóibh lasmuigh de shainmhíniú "oibrithe" faoin Acht 2014.

(i) Beidh féiniúlacht oibrí deonach a dhéanann nochtú ar éagóir féideartha i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta sin cosanta, mura ndeireann an duine a rinneadh an nochtú dóibh nó an duine a bhfuil nochtú tagartha dóibh i bhfeidhmíocht a ndualgais, do dhuine eile, faisnéis ar féidir leis an oibrí deonach a aithint, a rinne an nochtú. Seo éisceachtaí áirithe ar an gcosaint seo. Féach cuid [6] i gcomhair a thuilleadh eolais.

(ii) Beidh oibríthe deonacha cosanta ó ghníomhartha dochair, pionóis nó bagairtí ar phionóis, de réir leagtha amach ag cuid [5] na Nósanna Imeachta sin, as nochtú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta sin. Glacfaidh an HEA gníomh oiriúnach chun aon pionós nó dochair d'oibríthe deonacha a chosc agus a leasú nuair a dhéanann siad aon cheann de na nithe a leanas:

(a) Éagóir ábhartha a thuairisciú faoi S.I. 339/2014

(b) Má mheastar go ndearna siad tuairisciú maidir le éagóir ábhartha faoi S.I. 339/2014

(c) Faisnéis a sholáthar nó gníomhú mar fhinné mar chuid d'imscrúdú faoi réir na Nósanna Imeachta sin

(d) Má tá siad bainteach ar shlí eile i ngníomhartha faoi réir na Nósanna Imeachta sin.

3 Is féidir le oibrí deonach gearán a dhéanamh maidir le pionós faoi réir na Nósanna Imeachta sin i gcomhréir leis na forálacha i gcuid [5]. Tabhair faoi deara nach mbeidh ceart ag oibrí deonach gníomh a ghlacadh faoin Acht 2014 i gcomhair aon mhaíomh pionóis nó dochair.

(iii) Bainfidh na forálacha measúnaithe, imscrúdaithe, aiseolais agus athbhreithnithe ag cuid [10], [13] agus [15] maidir le nochtuithe ar éagóir ábhartha déanta ag "oibríthe" a bhainfidh freisin le nochtuithe déanta ag oibríthe deonacha.

3 CAD IS NOCHTÚ COSANTA ANN CHUN CUSPÓRA NA NÓSANNA IMEACHTA SIN?

1. Sainmhíniú ar Nochtú Cosanta

Ciallaíonn nochtú cosanta nochtú ar fhaisnéis thábhachtach, a thaispeánann, i gcreideamh an oibríthe, ceann nó níos mó *éagóracha ábhartha*. Ní mór don fhaisnéis a bheith curtha in iúil don oibrí i gceangal lena fhostaíocht agus ní mór dó a bheith nochtaithe sa bhealach ordaithe ag Acht 2014.

Le linn nochtú cosanta a dhéanamh do dhuine ordaithe, tá riachtanais breise ann. Ní mór don oibrí a chreidiúint go réasúnta go bhfuil an éagóir laistigh chur síos ar ábhair a bhfuil an duine ordaithe i ngeall orthu faoi S.I. 339 agus go bhfuil an fhaisnéis nochtaithe, agus aon líomhain atá ann, fíor go substainteach.

Míníonn na paragraif a leanas na **príomh-théarmaí**.

2. Éagóir ábhartha

Áirítear le “éagóir ábhartha” a leanas:

- (a) Go raibh, go bhfuil nó go mbeidh cion déanta de réir cosúlachta,
- (b) Nár éirigh le duine, nach bhfuil ag éirí leo nó nach mbeidh ag éirí leo cloí le aon oibleagáid dhlíthiúil, difriúil ón gceann a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibríthe nó conradh eile ina ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh go pearsanta,
- (c) Gur tharla mífhéidhmiú ar chóir, go bhfuil sé ag tarlú nó go dtarlóidh sé de réir cosúlachta,
- (d) Go raibh, go bhfuil nó go mbeidh sláinte aon duine aonair i mbaol de réir cosúlachta,
- (e) Go raibh, go bhfuil nó go mbeidh damáiste déanta don timpeallacht de réir cosúlachta,
- (f) Gur tharla úsáid mhídhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile ar chistí nó acmhainní comhlachta poiblí, nó airgid poiblí eile, go bhfuil sin ag tarlú nó go dtarlóidh sé de réir cosúlachta,
- (g) Go bhfuil gníomh nó easnamh ag nó thar ceann comhlacht poiblí leatromach, idirdhealaitheach nó neamartach go mór nó a léiríonn míbhainistíocht mhór, nó
- (h) Gur nós leis an bhfaisnéis sin aon ábhar a léiriú atá laistigh aon cheann de na paragraif roimhe a bheith folaithe nó scriosta, go dtarlaíonn amhlaidh nó go dtarlóidh sé de réir cosúlachta.

D’fhéadfadh oibríthe nochtuithe a dhéanamh freisin ar éagóracha maidir le fostaíocht ábhartha sonracha eile nó oibleagáidí sonracha a d’fhéadfadh siad gan a bheith clúdaithe sa sainmhíniú thuas de réir leagtha amach i gcuid 5 agha 2014.

D’fhéadfadh nochtú cosanta a bheith faoi éagóir:

- atá ag tarlú anois
- a tharla san am atá thart
- a tharlóidh.

Bíonn sé mí-ábhartha má tharla, má tharlaíonn nó má tharlóidh de réir cosúlachta éagóir ábhartha in Éirinn nó áit eile nó go mbaineann dlí na hÉireann nó aon tíre nó réigiúin eile leis.

3. Éagóracha ábhartha a d’fhéadfadh siad a bheith nochtaithe don HEA

Aithníonn S.I. 339/2014 éagóracha a bhaineann le pleanáil agus forbairt ardoideachais agus taighde ar an Stát agus ábhair a bhaineann le maoiniú d’ollscoileanna agus institiúidí áirithe ardoideachais eile ainmnithe faoi Acht an Údaráis Ardoideachais 1971 a d’fhéadfadh siad a bheith faoi réir nochtaithe cosanta chuig an HEA.

Nuair a bhíonn oibrí éiginnte má tá ábhar laistigh scóipe na Nósanna Imeachta sin, d’fhéadfadh sé nó sí teagmháil a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an HEA (tá sonraí teagmhála do Phríomhfheidhmeannach an HEA ar fáil ag cuid [4] na Nósanna Imeachta sin) nó teagmháil arprotecteddisclosures@hea.ie in iontaoibh roimh nochtú foirmiúil a dhéanamh.

4. Nochtú faisnéise

Ní mór don nochtú a bheith ina nochtú “faisnéise” a thaispeánann éagóir agus ní hamháin líomhain nó léiriú buairte atá bunaithe ar amhras agus ní aon rud inbhraite. Dá bhrí sin, ní mór don nochtú fíricí a léiriú, amhail a rá gur tharla eachtraí ar leith.

Ní iarrtar ar oibrithe agus níl siad i dteideal ábhair a imscrúdú iad féin chun fianaise a aimsiú ar an éagóir agus ba chóir dóibh gan iarracht a dhéanamh air sin. Ní iarrtar ón oibrí ach an fhaisnéis atá aige nó aici a nochtú, bunaithe ar chreideamh réasúnta má nochtar éagóir, agus má bhaineann an fhaisnéis sin le daoine aonair, gur gá an fhaisnéis sin a nochtú freisin. Le linn nochtú a dhéanamh i gcomhréir le S.I. 339/2014, ní mór don oibrí a chreidiúint freisin go bhfuil an fhaisnéis nochtta, agus aon líomhain atá ann, fíor go substainteach.

Ní mór d'oibrithe gan ach an méid faisnéise a theastaíonn a nochtú chun éagóir a thuairisciú agus níor chóir dóibh rochtain a fháil ar aon fhaisnéis, nó í phróiseáil nó a nochtú maidir le daoine aonair nach dteastaíonn chun cuspóirí an éagóir a nochtú.

5. Creideamh réasúnta

Ní mór don oibrí creideamh réasúnta a bheith acu go dtaispeánann an fhaisnéis nochtaithe, nó gur nós leis a thaispeáint, éagóir ábhartha nó níos mó. Ní chiallaíonn an téarma “creideamh réasúnta” gur chóir don chreideamh a bheith i gceart. Tá oibrithe i dteideal a bheith mícheart ina gcreidimh, má bhí an creideamh sin bunaithe ar chúiseanna réasúnta.

D'fhéadfadh go mbeidh ar oibrí a chreidiúint go bhfuil éagóir ag tarlú i ngeall ar cad a fheiceann sé nó sí. D'fhéadfadh nach bhfuil a fhios ag oibrí faoi gach fíricí a bhaineann leis an gcás agus mar a luaitear thuas, níl sé faoi oibleagáid fianaise a aimsiú ar a chuid amhrais. I gcás mar sin, d'fhéadfadh go bhfuil cúiseanna réasúnta ag an oibrí le creidiúint go bhfuil éagóir ag tarlú ach d'fhéadfadh an t-oibrí a bheith mícheart.

Chun gur féidir le oibrí nochtú a dhéanamh don HEA ina ról mar dhuine ordaithe, tá a thuilleadh riachtanais ann ar chóir cloí leo chun go mbeidh a gcuid nochtú ina nochtú cosanta. Le linn nochtú a dhéanamh don HEA ina n-acmhainn mar dhuine ordaithe faoi S.I. 339/2014, ní mór don oibrí a chreidiúint go bhfuil an fhaisnéis nochtta, agus aon líomhain atá ann, fíor go substainteach. Chomh maith leis sin, ní mór don oibreoir a chreidiúint go réasúnta go bhfuil an éagóir ábhartha laistigh chur síos na n-ábhar a bhfuil an HEA ordaithe maidir leo do S.I. 339/2014.

6. I gceangal lena bhfostaíocht

Ní mór don fhaisnéis a bheith curtha in iúil don oibrí i gceangal lena bhfostaíocht. D'ainneoin sin, ní thagann nochtú ar aon éagóir ar fheidhm an oibrithe, nó fostóra an oibrithe, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúisiú laistigh

na dtéarmaí, agus ní mheallann sé cosaintí agus cúiteamh Achta 2014 ach oiread, mura raibh an acht nó easnamh déanta ag a bhfostóir.

Níl comhairleoirí dlí, nuair a thagann an t-eolas chucu le linn comhairle dlí a thabhairt, díolmhaithe ó chosaintí Achta 2014. Nuair a d'fhéadfaí pribhléid ghairmiúil a éileamh le coinneáil maidir leis an bhfaisnéis sin, ní bheidh sé ina nochtú cosanta má bhíonn sé nochtaithe ag an gcomhairleoir dlí.

4 NÓS IMEACHTA CHUN NOCHTÚ A DHÉANAMH

1. Ní mór d'oibrí nochtú a dhéanamh sa slí leagtha amach in Acht 2014 chun na cosaintí faoi réir an Achta a fháil. Faoi Acht 2014, is féidir nochtuithe cosanta a dhéanamh go himheánach nó go seachtrach. Sa chuid is mó cúinsí, is fearr nochtú iomlán a dhéanamh agus molann HEA d'oibrithe na cainéil inmheánacha a úsáid chun nochtú a dhéanamh. Ní mór d'oibrithe a bheith ar an eolas go mbaineann caighdeán níos airde le nochtú déanta go seachtrach.
2. D'fhéadfaí nochtuithe ar fhaisnéis ábhartha a dhéanamh do Phríomhfheidhmeannach HEA maidir le ábhair a bhaineann le pleanáil agus forbairt ardoideachais agus taighde ar an Stát agus ábhair a bhaineann le maoiniú d'ollscoileanna agus institiúití áirithe ardoideachais ainmnithe faoi Acht an Údaráis Ardoideachais 1971 (féach cuid **[3]** i gcomhair a thuilleadh faisnéise ar cad a chiallaíonn nochtú cosanta chun cuspóirí na Nósanna Imeachta sin).
3. D'fhéadfaí nochtuithe a dhéanamh ó bhéal, go leictreonach nó i scríbhinn. Tugtar tosaíocht do nochtuithe i scríbhinn toisc go bhfuil níos lú scóipe iontu i gcomhair míthuisceana. Má dhéantar nochtú ó bhéal, coimeádfaidh an faighteoir taifead i scríbhinn ar an gcomhrá agus nuair is indéanta, iarrfar ar an té a rinne an nochtú faisnéis tugtha a dheimhniú chun díospóid a chosc ag dáta níos déanaí maidir leis an bhfaisnéis nochtta. Nuair indéanta, tabharfar cóip den taifead i scríbhinn don oibrí ar an nochtú ó bhéal.
4. Má dhéantar an nochtú i scríbhinn, ní mór don oibrí cúlra a sholáthar ar stair na buartha, le mionsonraí ábhartha, chomh mór agus is féidir, amhail dátaí, seicheamh eachtraí agus cur síos ar chúinsí. Ní mór do mhionsonraí an nochtaithe a bheith mion go leor chun gur féidir le duine gan eolas tuiscint a fháil ar an gceist. Féach **Aguisín A** i gcomhair Foirm Tuairiscithe do Nochtuithe Cosanta agus **Aguisín B** i gcomhair mionsonraí le cur i nochtú i scríbhinn.
5. Moltar nochtuithe chun a gcuid nochtuithe a léiriú i dtéarmaí faisnéise a bheidh in iúil dó nó di in ionad iarracht a dhéanamh chun conclúidí a fháil maidir le daoine aonair áirithe nó cionta sonracha.
6. A luaithe a dhéantar nochtú, is fearr an t-ionchas go mbeifear ag déileáil leis go pras.
7. Ní mór déileáil le nochtú don Phríomhfheidhmeannach ag an seoladh a leanas:

Seoladh poist: An tÚdaras Ardoideachais
3 Shelbourne
Buildings, Crampton
Avenue, Shelbourne
Road Baile Átha Cliath
4
D04 C2Y6

Guthán: +353 1 2317 101

Tá seoladh r-phoist tiomnaithe freisin ag an HEA chun nochtuithe cosanta a fháil:

R-phost: protecteddisclosures@hea.ie

5 COSAINTÍ AGUS PIONÓS/DOCHAR

1. Tá an HEA tiomanta chun oibríthe a chosaint ó ghníomhartha pionóis nó dochair as nochtú a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta seo. Ní chuirfidh HEA pionós nó bagairt roimh fhostaí as nochtú cosanta a dhéanamh. Ní bheidh sé mar chúis le dochar d'aon oibrí a dhéanann nochtú i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta seo. Glacfaidh HEA gníomh cuí chun oibrí a chosaint a dhéanann nochtú cosanta.

Cad is pionós/dochar ann?

2. Sonraítear pionór faoi Acht 2014 mar aon ghníomh nó easnamh a imríonn tionchar ar oibrí le dochar dó nó di agus áirítear leis go háirithe:
 - (a) Fionraí, leagan as nó díbhe,
 - (b) Ísliú céime nó caillteanas deise i gcomhair ardaithe céime,
 - (c) Aistriú dualgais, athrú suímh nó áite oibre, laghdú i dtuarastal nó athrú in uaireanta oibre,
 - (d) Cur i bhfeidhm nó riarachán aon disciplín, íde béil nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais),
 - (e) Caitheamh míchóir,
 - (f) Iallach, imeaglú nó ciapadh
 - (g) Idirdhealú, éagothroime, caitheamh míchóir,
 - (h) Gortú, damáiste nó caillteanas, agus
 - (i) Bagairt ar dhíoltas³
3. Tá oibrí i dteideal cosanta ó dhochar don oibrí i ngeall ar nochtú cosanta déanta ag an oibrí, nó tríú páirtí. Áirítear le dochar sa chomhthéacs seo iallach, imeaglú, ciapadh, idirdhealú, míbhuntaiste, cóireáil díobhálach maidir le fostaíocht (nó fostaíocht dhóchasach), gortú, damáiste, caillteanas nó bagairt ar dhíoltas.

³ Tugtar cosaint d'fhostaithe faoi chuid 11 Acha 2014 ó dhífhostú agus faoi chuid 12 ó "pionós", agus tugtar cosaint d'oibríthe agus fostaithe ó ghníomhartha a chomhdhéanann "dochar". Tá an HEA tiomanta chun gach oibríthe agus oibríthe deonacha a chosaint ó ghníomhartha a chomhdhéanann pionós agus dochar araon.

Cén cosaintí a thugann HEA do dhaoine a dhéanann nochtú?

4. Glacfaidh an HEA gníomh oiriúnach chun aon phionós nó dochar nó bagairt ar phionós d'oibrithe a chosc agus a leasú nuair a dhéanann siad aon cheann de na nithe a leanas:

(i) Éagóir ábhartha a thuairisciú faoi S.I. 339/2014

(ii) Má mheastar go ndearna siad tuairisciú maidir le éagóir ábhartha faoi S.I. 339/2014

(iii) Faisnéis a sholáthar nó gníomhú mar fhinné mar chuid d'imscrúdú faoi réir na Nósanna Imeachta sin

(iii) Cúiteamh a lorg faoi fhorálacha Achta 2014

(iv) Má tá siad bainteach ar shlí eile i ngníomhartha faoi réir na Nósanna Imeachta sin.

Conas gearán ar phionós a dhéanamh

5. Ní mór cóip ar ghearán, pionós nó dochar a chur in iúil láithreach do Phríomhfheidhmeannach HEA. Má dhéantar gearán ar phionós nó dochar i gcoinne Achta 2014, déileáilfear leis an ngearán sin faoi na Nósanna Imeachta seo le cinntiú go bhfuil comhréireacht leis an oibleagáid chun féiniúlacht an té a rinne nochtú. Tabharfar measúnú agus imscrúdú do gach gearáin ar phionós nó dochar, mar is cuí, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, a thagairt don chomhlacht oiriúnach chun cuspóra an imscrúdaithe.

6 COSAINT FHÉINIÚLACHTA DON TÉ A RINNE NOCHTÚ

1. Gearrann Acht 2014 oibleagáid ar fhaighteoirí nochtuithe chun féiniúlacht an oibrithe a rinne nochtú a chosaint. Beidh féiniúlacht oibrithe a dhéanann nochtú cosanta, mura ndeireann an duine a rinneadh an nochtú dóibh nó an duine a bhfuil nochtú tagartha dóibh i bhfeidhmíocht a ndualgais, do dhuine eile, faisnéis ar féidir leis an oibrí deonach a aithint, a rinne an nochtú.
2. Caithfear le gach nochtuithe in iontaoibh, seachas má deireann an t-oibrí go soiléir nach bhfuil sé/sí in aghaidh a (h)ainm a cheangal leis an nochtú. Coimeádfar nochtuithe slán agus i bhfoirm nach gcuireann rúndacht an duine a rinne an nochtú i mbaol. An t-am go léir, beidh béim ar an bhfaisnéis sa nochtú in ionad féiniúlachta an oibrithe a rinne an nochtú.

Eisceachtaí

3. Tá éisceachtaí ann don oibleagáid seo chun cosaint a thabhairt d'fhéiniúlacht an té a rinne nochtú i go leor cás sonracha faoi Acht 2014. Is iad sin:
 - (a) Léiríonn an duine a raibh nochtú cosanta déanta nó tagartha dóibh gur ghlac sé/sí gach céimeanna réasúnta chun aon fhaisnéis dá leithéid a nochtú.
 - (b) Creidean an duine a ndearnadh nochtú cosanta nó tagairt dóibh nach bhfuil an té a rinne an nochtú in aghaidh nochtá aon fhaisnéise dá leithéid.
 - (c) Creideann an duine a raibh an nochtú cosanta déanta nó tagartha dóibh gur gá aon fhaisnéis dá leithéid sin a nochtadh le haghaidh-
 - (i) Imscrúdaithe éifeachtaigh ar an éagóir ábhartha,
 - (ii) Riosca dáiríre a chosc do shlándáil an Stáit, sláinte poiblí, sábháilteacht poiblí nó an comhshaoil, nó
 - (iii) Cion nó ionchúiseamh ar chion coiriúil a chosc, nó
 - (d) Nuair a theastaíonn nochtú ar bhealach eile chun leasa an phobail nó de réir an dlí.
4. Nuair atá aon ghníomh le glacadh i ndiaidh nochtadh cosanta a fháil, cuirfear próiseas i bhfeidhm le haghaidh comhairleoireachta leis an té a rinne nochtú, nuair is féidir, chun comhthoil feasach a fháil uathu, sula nglactar aon ghníomh a d'fhéadfadh leis iad a aithint. D'fhéadfadh go mbeidh san áireamh leis sin nuair atá nochtuithe tagartha ag comhlacht poiblí chuig páirtí seachtrach nó institiúid ardoideachais ábhartha chun cuspóra imscrúdaithe.
5. Má ghlactar aon chinneadh a theastaíonn chun faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh sé nó a dhéanfaidh sé féiniúlacht an té a rinne nochtú a aithint, cuirfear sin in iúil dóibh maidir leis an gcinneadh sula ndéantar an nochtú, seachas i gcúinsí éisceachtúla. Nuair a dhéanann duine nochtú, tá sé i dteideal athbhreithnithe ar aon chinneadh mar sin chun a f(h)éiniúlacht a fhoilsiú. Féach ar chuid **[15]** i gcomhair a thuilleadh eolais ar an bpróiseas athbhreithnithe seo.

Gearáin maidir le neamh-chosaint ar fhéiniúlacht nochtóra

6. Tá HEA tiomanta chun cloí lena oibleagáidí reachtúla chun féiniúlacht na n-oibrithe a dhéanann nochtú a chosaint i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta seo. Má bhíonn buairt ag nochtóir nach mbeidh a bhféiniúlacht cosanta, ba chóir é sin a chur in iúil láithreach. Ní mór gearán maidir le briseadh rúndachta faoi réir na Nósanna Imeachta sin a dhéanamh do Phríomhfheidhmeannach an HEA. Tabharfar measúnú ar na nochtuithe sin agus, nuair is cuí, beidh siad tagartha d'imscrúdú agus glacfar gníomh oiriúnach nuair is gá.

7 BUAIRT A ARDÚ GAN AINM

1. Is nochtuithe iad “nochtuithe rúnda” ina bhfuiltear ar an eolas maidir le féiniúlacht an nochtóra faoi Acht 2014. Ar an lámh eile, ciallaíonn “nochtuithe gan ainm” nochtuithe ina bhfuil féiniúlacht an nochtóra siarchoinneáilte ag an nochtóir.
2. Níl nochtuithe gan ainm as an áireamh ó Acht 2014 agus beidh an HEA ag gníomhú ar na nochtuithe sin más féidir laistigh na gcúinsí. Ar leibhéal praicticiúil, d’fhéadfadh go mbeidh teorainneacha ar chumas imscrúdaithe ar an nochtú mura bhfuiltear ar an eolas faoi fhéiniúlacht an nochtóra. Moltar d’oibríthe a n-ainmneacha a chur le líomhain, lenár ráthaíocht go bhfuil rúndacht indéanta, chun athleanúint chuí a éascú. Dá bharr sin, beidh sé éasca measúnú a thabhairt ar an nochtú agus gníomh cuí a ghlacadh, lena n-áirítear imscrúdú más gá.
3. Chomh maith leis, ní mór d’oibríthe a thabhairt faoi deara gur fhéadfadh sé go mbeidh eilimintí thábhachtacha na Nósanna Imeachta sin (m.s. An nochtóir a choinneáil ar an eolas agus nochtóir a chosaint ó phionós) deacair le cur i bhfeidhm mura n-aithníonn oibríthe iad féin. Anuas air sin, ní féidir le oibríthe cúiteamh a fháil faoi Acht 2014 gan iad féin a aithint.

8 CÉN CHINEÁLACHA BUAIRTE NÁR CHÓIR A ARDÚ FAOI NA NÓSANNA IMEACHTA SIN?

1. Baineann na Nósanna Imeachta sin le diúscairtí ar “éagóracha ábhartha” de réir sonraí faoi Acht 2014 agus S.I. 339/2014 (féach cuid [3] i gcomhair a thuilleadh eolais ar cad is brí le nochtú cosanta). Mura gcloíonn nochtuithe áirithe le riachtanais Achta 2014 agus S.I. 339/2014 ní bheidh siad san áireamh le raon na Nósanna Imeachta sin. Ní ghlacfar le buairt phearsanta, mar shampla casaoid ar chonradh fostaíochta oibreora, mar nochtú cosanta, agus bheadh sé próiseáilte ar bhealach níos cuí trína bPolasaithe Casaoide nó Dínite san Obair.

2. Cad is casaoid phearsanta ann?

Is ábhar í casaoid a bhaineann go sonrath leis an oibreoir, i.e. Post an oibreora lena d(h)ualgais, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, nósanna imeachta oibre nó coinníollacha oibre.

Samplaí ar chasaoid

- Gearán ag baint le critéir roghnaithe do phost ardaithe céime.
- Gearán ag baint le leithdháileadh ama breise.

3. Cad is nochtú cosanta ann faoi na Nósanna Imeachta sin?

Tarlaíonn nochtú cosanta chun cuspóirí na Nósanna Imeachta seo nuair a nochtann oibrí faisnéis maidir le éagóir ábhartha de réir riachtanais Achta 2014 agus S.I. 339/2014.

Samplaí ar nochtú cosanta

- Faisnéis ar thairiscint claonpháirteach i bpróiseas soláthair.
 - Faisnéis maidir le úsáid mhíchuí na gcistí.
4. Níl na Nósanna Imeachta seo beartaithe le tuairisciú gnáth-oibriúcháin laethúla a athchur, nó aon pholasaithe fostaíochta inmheánacha eile. Go ginearálta ba chóir déileáil le gearáin fostaíochta faoi Pholasaí Casaoide inmheánach an fhostóra nó Polasaí Dínite san Obair.
 5. Má dhéantar gearán nó pionós a théann in aghaidh Achta 2014, ansin i ndéileáil leis an ngearán, tabharfaidh an HEA aird ar an oibleagáid leanúnach chun féiniúlacht an nochtóra a chosaint faoi réir Achta 2014.

9 SPREAGADH

1. Faoi réir Achta 2014, glactar leis go bhfuil spreagadh chun nochtadh cosanta a dhéanamh neamhábhartha, is cuma an nochtú cosanta atá i gceist. Tá HEA tiomanta chun déileáil le nochtuithe cé is moite de spreagadh an oibreora chun an nochtú a dhéanamh.
2. Beidh oibrí cosanta as nochtú a dhéanamh faoi na Nósanna Imeachta seo má chreideann sé/sí gur léirigh nó léiríonn de ghnáth an fhaisnéis ceann nó níos mó éagóir ábhartha; má chreideann sé/sí go bhfuil an fhaisnéis nochtá, agus aon líomhain inti, fíor go substainteach; agus má chreideann sé/sí go réasúnta go bhfuil an éagóir ábharthalaistigh chur síos ar ábhair a bhfuil HEA ordaithe maidir leo faoi S.I. 339/2014. Ní mheallfaidh nochtú déanta gan chreideamh réasúnta cosaint an Achta 2014.
3. Ní thugann nochtú ar éagóir aon chosaint nó imdhíonacht d'oibrí maidir le aon baint atá aige/aici leis an éagóir.

10 CONAS A DHÉILEÁLANN MUID LE DO NOCHTÚ

(a) Próiseas Scagtha

1. Nuair a dhéantar nochtú ar éagóir a líomhaíodh, déanfaidh Príomhfheidhmeannach HEA an t-ábhar a shannadh chuig Ceannaire Maoinithe Córais nó bainisteoir sinsearach eile sa HEA. Ní mór don duine a raibh freagracht sannta chucu as an ábhar measúnú scagtha a dhéanamh ar an nochtú le deimhniú gur chóir caitheamh leis mar nochtú cosanta, i gcomhréir le Acht 2014, S.I. 339/2014 agus na Forálacha ann. Mura bhfuil sé soiléir an bhfuil an dioscúrsa incháilithe mar nochtú cosanta, caithfidh an faighteoir leis an nochtú mar nochtú cosanta (agus féiniúlacht an nochtóra a chosaint i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta) go dtí go bhfuil sé sásta nach nochtú cosanta í an fhaisnéis.
2. D'fhéadfadh sé gur gá, mar chuid den phróiseas scagtha, difríocht a thabhairt idir nochtuithe cosanta agus gearáin pearsanta, m.s. D'fhéadfadh an fhaisnéis ghaolmhar baint le gearán earsanta agus nochtú cosanta. Sna cúinsí sin, is dócha gur gá eilimintí difriúla a dheighilt leis an ngearán/nochtú agus deimhniú ar tharla an nochtú sonrath ar fhaisnéis a bhain le éagóir ábhartha.
3. Má ghlactar leis, i ndiaidh measúnaithe ar an nochtú, go mbaineann sé le gearán pearsanta amháin, ansin molfar don nochtóir próisis eile a úsáid ina láthair oibre (mar shampla, Polasaí Casaoide nó Polasaí Dínite san Obair) ionas gur féidir déileáil leis an ngearán ar bhealach cuí.
4. Tar éis measúnú a thabhairt ar an nochtú, má tá meascán ceisteanna difriúla (i.e. Ceisteanna a bhaineann le nochtú cosanta agus gearán fostaíochta pearsanta), ansin déanfaidh HEA iarracht próiseas/próisis cuí a bhunú le cur i bhfeidhm chun déileáil leis na ceisteanna, lena n-áirítear ag tagrú do nochtú cosanta le comhlacht cuí chun cuspóra imscrúdaithe. D'fhéadfadh an próiseas le cur i bhfeidhm a bheith difriúil ó chás go chás.
5. Má bhíonn cruinniú iarrtha ag an nduine a rinne nochtú, nó má chomhaontaíonn an duine do chruinniú le HEA, beidh sin éascaithe le beirt bhall foirne HEA ag freastal ann. Ní mór nótaí ar an gcruinniú a ghlacadh leis na daoine agus d'fhéadfadh an cháipéis seo a bheith mar chuid le nochtú lena f(h)aomhadh. Is cuspóir le aon chruinniú dá leithéid a dheimhniú má léiríonn nochtú aon nochtú cosanta i gcomhréir le cruinniú Achta 2014, S.I. 339/2014 agus na Nósanna Imeachta istigh.
6. Mura léiríonn nochtú aon nochtú cosanta faoi réir Achta 2014 agus/nó mura bhfuil sé laistigh chur síos ar ábhair a bhfuil Príomhfheidhmeannach HEA ordaithe dó faoi S.I. 339/2014, cuirfear é sin in iúil don oibrí a rinne an nochtú. Má dheimhníonn HEA go bhfuil an t-ábhar laistigh chur síos ar ábhair a bhfuil duine eile ordaithe dóibh, beidh an t-oibrí teoraithe chun a nochtú a dhéanamh don duine ordaithe sin.

(b) Imscrúdú

7. Má thugann an measúnú scagtha ag an HEA conclúid go gcloíonn an t-ábhar le critéir nochtaithe chosanta agus go bhfuil sé laistigh chur síos ar ábhair a bhfuil HEA ordaithe mar gheall orthu faoi S.I. 339/2014, is féidir le HEA, más cuí ina thuairim, an nochtú cosanta a thagairt chuig institiúid ardoideachais gaolmhar agus iarradh ar an institiúid imscrúdú a dhéanamh maidir leis an nochtú cosanta.
8. Iarrfaidh HEA ón institiúid breac-chuntas a thabhairt i scríbhinn ar conas a mholann sé imscrúdú ar an nochtú cosanta, conas neamhspleáchas agus stuamacht an phróisis sin a chinntiú, toradh ar na imscrúdaithe sin agus na gníomhartha a eascraíonn ón imscrúdú.
9. Beidh an comhfhreagras seo dírithe chuig Uachtarán na hInstitiúide ábharthaí, mura bhfuil an duine sin faoi réir aon ghné an nochtaithe. Sa chás is déanaí, seolfar an comhfhreagras ar aghaidh chuig Cathaoirleach le coiste iniúchta na hInstitiúide. An t-am go léir, tabharfar meas ar oibleagáidí HEA faoi chuid 16 Achta 2014 luaite i gcuid [6] de na Nósanna Imeachta seo chomh fada agus indéanta go réasúnta.
10. Déanfaidh HEA cumarsáid ar thoradh an imscrúdaithe déanta ag an institiúid ábhartha don nochtóir chomh luath agus is féidir i ndiaidh an fhaisnéis seo a fháil ón institiúid ábhartha.
11. Ag aon staid den phróiseas, má bhíonn buairtí dáiríre ag HEA maidir le nádúr an nochtaithe agus/nó mura bhfuil sé sásta le freagra do agus/nó imscrúdú ar an nochtú ón institiúid, d'fhéadfadh sé moladh don Aire Oideachais agus Scileanna ceapachán Cuiarteora nó Iniúchta, mar is cuí, faoi reachtaíocht ábhartha, nó athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar na ceisteanna faoi chumhachtaí tugtha don Aire.
12. Is tábhacht a lua gur fhéadfadh ábhair áirithe a bheith chomh dáiríre go ndéanfar imscrúdú go seachtrach le bheith níos cuí, in ionad sa slí luaite thuas, nó ag saineolaithe gairmiúla i limistéar ar leith. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur gá tuairisciú ar an ábhar, agus imscrúdú a dhéanamh air ag An nGarda Síochána nó comhlacht eile le cumhacht reachtúil agus feidhm imscrúdaithe ar ábhair áirithe.

11 COSAINT AN AIMHLEASTÓRA LÍOMHNAITHE

Tá HEA tiomanta le cinntiú, nuair a dhéantar líomhain in aghaidh duine aonair, go mbeidh cosaint mar is cuí tugtha don duine sin i gcomhréir le prionsabail ginearálta cóir nádúrtha agus nósanna imeachta cóir, mar is cuí.

12 TAIFEAD SMACHTAITHE AN NOCHTÓRA AGUS ÁBHAIR GAOLMHARA

1. Nuair a dhéanann oibrí nochtú ar éagóir ábhartha, tabharfar breithniúchán cuí dó, i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta seo. Beidh HEA ag díriú ar an nochtú déanta, in ionad aon cheisteanna smachta (nó eile) ar aghaidh chuig an nduine a rinne an nochtú.
2. Ó thaobh oibrí atá faoi réir ceiste smachta a bhí ann cheana nó iomarcaíocht, a dhéanann nochtú i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta sin, ní mheallfaidh sé ach na cosaintí faoi Acht 2014 agus ní bheidh post pribhléide acu i gcás iomarcaíochta nó chuirfeadh sé cosc ar ghníomh smachtaithe a bhí ann cheana, á lorg. Dá bhrí sin, nuair a dhéantar nochtú cosanta le linn imscrúdaithe, smachtaithe nó próisis eile, ní imreoidh sé sin tionchar ar na próisis soiléir sin, seachas nuair a léiríonn an t-imscrúdú, gníomh smachtaithe nó eile, go bunúsach, cineál pionóis as nochtú cosanta a dhéanamh.

13 AISEOLAS

1. Tabharfar aiseolas tréimhsiúil d'oibrithe a dhéanann nochtú cosanta don HEA faoi réir na bhForálacha sin maidir lena nochtú agus tabharfar comhairle dóibh nuair a chríochnaítear breathnóireacht ar an ndioscúrsa, seachas i gcúinsí éisceachtúla.
2. Tabharfar aon fhaisnéis nó aiseolas don nochtóir faoi iontaoibh. Le linn aiseolas a thabhairt, ní bheidh aon fhaisnéis tugtha do nochtóir a d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do thoradh an imscrúdaithe nó aon ghníomh tar éis (m.s. Gníomh smachtairhe nó dlíthiúil eile, lena n-áirítear ionchúisiú).

14 TACAÍOCHT AGUS COMHAIRLE

D'fhéadfadh gur mian le oibrithe a dhéanann nochtú cosanta faoi réir na Nósanna Imeachta seo dul i dteagmháil le Follasacht Idirnáisiúnta Éireann, a oibríonn seirbhís ghutháin saor d'aon duine ar mian leo buairt a thuairisciú nó nochtú cosanta a dhéanamh. Oibríonn an líne cabhrach Speak Up óna 10 n go dtí a 6 in Luain go hAoine.

Sonraí teagmhála: Guthán saor: 1800 844 866

R-phost: helpline@transparency.ie **Suíomh gréasáin:**

www.speakup.ie Tá treoir chun Nochtú Cosanta a dhéanamh

ar fáil freisin ag:

https://transparency.ie/sites/default/files/14.12.02_speak_up_safely_final.pdf

15 ATHBHREITHNIÚ

1. Is féidir le oibrí ar mian leo nochtú cosanta a dhéanamh i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta seo athbhreithniú a lorg ar a leanas:

- (i) Aon chinneadh chun féiniúlacht an nochtóra a nochtadh (seachas i gcásanna éisceachtúla);
 - (ii) Toradh aon mheasúnaithe/imscrúdaithe déanta maidir leis an nochtú cosanta; agus
 - (iii) Toradh aon mheasúnaithe/imscrúdaithe maidir le aon ghearán ar phionós;
2. Ba chóir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig Príomhfheidhmeannach HEA a dhéanfaidh, ag brath ar chineál athbhreithnithe iarrtha, duine a cheapadh chun an t-athbhreithniú a dhéanamh nó an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh chuig duine eile a cheapfaidh duine ansin chun an t-athbhreithniú a dhéanamh.
 3. Déanfar aon athbhreithniú ag duine nach raibh bainteach leis an measúnú tosaigh, imscrúdú nó cinneadh go fóill. Nuair a dhéantar cinneadh chun féiniúlacht nochtóra a nochtadh, nuair is féidir, cuirfear athbhreithniú ar fáil don nochtóir sula bhfuil a f(h)éiniúlacht nochtá.
 4. Níl aon teidlíocht ann ar dhá athbhreithniú maidir leis an gceist chéanna.

16 NEAMH-THEORANNÚ AR CHEARTA CHUN NOCHTUITHE COSANTA A DHÉANAMH

Soláthraíonn Acht 2014 nach gceadaítear clásail a chur i gcomhaontuithe chun cosc nó teorannú a chur ar nochtuithe cosanta, eisiamh nó teorannú ar oibriúchán aon fhorála Achta 2014, bac a chur ar dhuine ó aon imeachtaí a thabhairt faoi réir, nó de bharr Achta 2014 agus/nó bac a chur ar dhuine ó imeachtaí a thabhairt i gcomhair briste conartha maidir le aon rud déanta mar thoradh le nochtú cosanta a dhéanamh.

17 TUAIRISCIÚ ÉIGEANTACH

Ní chuireann Acht 2014 oibleagáid roimh oibrí chun nochtadh cosanta a dhéanamh agus ní dhíolmhaíonn sé aon oibrí ó oibleagáidí riachtanacha a bhí ann cheana chun tuairiscithe i reachtaíocht eile.

18 CUMARSÁID, MONATÓIREACTH AGUS ATHBHREITHNIÚ

1. Déanfar cumarsáid maidir leis na Nósanna Imeachta seo do gach oibríthe trí leathanach gréasáin na nochtuithe cosanta ar shuíomh gréasáin HEA: <http://hea.ie/funding-governance-performance/governance/protected-disclosures/>
2. Coimeádfar taifid rúnda i gcomhair gach ábhair ardaithe tríd na Nósanna Imeachta seo agus gheobhaidh an Príomhfheidhmeannach tuarascálacha tréimhsiúla ar a éifeachtacht.

3. Má bhíonn na Nósanna Imeachta seo cúlghafa, aischurtha, nó leasaithe, beidh sé sin curtha in iúil ar leathanach nochtuithe cosanta i suíomh gréasáin HEA:

19 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Ullmhóidh an HEA agus foilseoidh sé Tuarascáil Bliantúil ar a dhéanaí ar an 30 Mheithimh gach bliain maidir leis an mbliain díreach roimhe, gan ainm, ag leagadh amach (a) líon na nochtuithe cosanta déanta chuig an gcomhlacht poiblí, (b) an gníomh (más ann) glactha mar fhreagra do na nochtuithe cosanta, agus (c) faisnéis eile dá leithéid a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh glactha de réir iarratais an Aire ó am go ham. Beidh an tuarascáil seo “i bhfoirm nach gceadaíonn aitheantas na ndaoine bainteach leis”.

20 COSAINT SONRAÍ

Beidh comhréireacht le polasaí HEA um Chosaint Sonraí maidir le sonraí pearsanta próiseáilte ag an HEA le linn déileála le nochtuithe cosanta, lena n-áirítear fáil, measúnú, agus tagairt do nochtú cosanta i gcomhair imscrúdaithe. Leis sin, beidh gach taifid ar nochtuithe coinneáilte slán ionas gur féidir cloí leis na riachtanais rúndachta faoi Acht 2014.

21 A THUILLEADH ACMHAINNÍ

- (i) An tAcht um Nochtuithe Cosanta, 2014: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/pdf>

- (ii) Liosta na nDaoine Ordaithe: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/339/made/en/pdf>

- (iii) An tSeirbhís um Chaidrimh sa Láthair Oibre: <http://www.workplacerelations.ie/en/>

- (iv) Follasacht Idirnáisiúnta Éireann: <http://transparency.ie/>

- (v) Líne Cabhrach Speak Up Follasachta Idirnáisiúnta Éireann: 1800 844

866 www.speakup.ie

Aguisín A

Foirm Thuarascála do Nochtuithe Cosanta

Cuireann an tÚdarás Ardoideachais (HEA) fáilte roimh thuairisciú ar nochtuithe faoi réir “Nósanna Imeachta chun Nochtú Cosanta a Dhéanamh don Údarás Ardoideachais faoi Ionstraim Reachtúil S.I. 339/2014.”

Sula gcríochnaíonn tú an fhoirm seo, ba chóir duit:

- Smaoineamh an ionann “Nósanna Imeachta chun Nochtú Cosanta a Dhéanamh don Údarás Ardoideachais faoi Ionstraim Reachtúil S.I. 339/2014” is nósanna imeachta cuí faoina féidir do bhuairt a thuairisciú.
- Cinntiú gur nochtadh ar fhaisnéis ábhartha é an nochtadh, a thaispeánann de ghnáth, i do chreideamh réasúnta, ceann nó níos mó éagóracha; go raibh an fhaisnéis curtha in iúl duit i gceangal le d’fhostaíocht; go gcreideann tú go réasúnta go bhfuil an fhaisnéis nochtaithe, agus aon líomhain atá ann, fíor go substainteach; agus go gcreideann tú go réasúnta go bhfuil an éagóir ábhartha laistigh chur síos ar ábhair a bhfuil HEA ordaithe maidir leo faoi Acht Nochtuithe Cosanta 2014 (cuid 7(2)) Ordú 2014, S.I. 339/2014 (de réir leasaithe ag S.I. 448/2015 agus S.I. 490/2016).

Ní mór nochtuithe cosanta a sheoladh chuig an bPríomhfheidhmeannach de réir luaite i “Nósanna Imeachta chun Nochtú Cosanta a dhéanamh don Údarás Ardoideachais faoi Ionstraim Reachtúil S.I. 339/2014” **[féach cuid 4 na Nósanna Imeachta sin]**.

Ainm an oibríthe a dhéanann an nochtú: Cuirfear tuarascálacha gan ainm san áireamh ach ní mholtar iad a dhéanamh.		
Áit oibre:		
Post san eagraíocht:		
Uimhir ghutháin:		
Seoladh Ríomhphoist:		
Dáta na héagóra líomhnaithe (más ann) nó dáta nuair a thosaigh nó a aithníodh an éagóir líomhnaithe:		

An bhfuil an éagóir líomhnaithe fós ag tarlú?		
<p>Mionsonraí ar an éagóir líomhnaithe:</p> <p>Cad atá ag tarlú/a tharla/atá dóchúil le tarlú agus conas, in éineacht le aon fhaisnéis eile a thacaíonn leis.</p> <p>Ní mór a bheith cúramach gan ach faisnéis ábhartha go díreach leis an nochtú a chur leis.</p> <p>Féach ar chuid 3 na Nósanna Imeachta agus tabhair faoi deara go soláthraíonn sé sa chuid dar teideal “Nochtú faisnéise” nach n-iarrtar ar oibrí imscrúdú a dhéanamh leis féin ar na ábhair chun fianaise ar an éagóir a aimsiú agus b’fhearr gan iarracht a dhéanamh air sin.</p>		
<p>An raibh an éagóir líomhnaithe tuairiscithe roimhe?</p> <p>Má bhí, sonraigh cathain, cé leis agus cén ghníomh a bhí glactha?</p>		
Faisnéis ábhartha eile:		
Dáta:		

Aguisín B Mionsonraí ar chóir a chur le nochtú

Moltar, ar a laghad, gur chóir na mionsonraí a leanas a bheith san áireamh le nochtuithe:

- (a) Go bhfuil an nochtú á dhéanamh faoi réir “Nósanna Imeachta chun Nochtú Cosanta a Dhéanamh don Údarás Ardoideachais faoi Ionstraim Reachtuil S.I. 339/2014.”
- (b) Ainm an nochtóra, áit oibre, post san eagraíocht, agus sonraí teagmhála rúnda.
- (c) Dáta na héagóra líomhnaithe (más ann) nó dáta nuair a thosaigh nó a aithníodh an éagóir líomhnaithe:
- (d) An bhfuil an éagóir líomhnaithe fós ag tarlú.
- (e) An bhfuil an éagóir líomhnaithe nochtaithe cheana agus má tá, cé leis, cathain, agus cén ghníomh a bhí glactha.
- (f) Faisnéis maidir leis an éagóir líomhnaithe (cad atá ag tarlú / a tharla / atá dóchúil le tarlú agus conas) agus aon fhaisnéis a thacaíonn leis.
- (g) Aon fhaisnéis ábhartha eile.